



Coimisiún na hÉireann um Chearta  
an Duine agus Comhionannas  
Irish Human Rights and Equality Commission



# COIMISIÚN NA hÉIREANN UM CHEARTA AN DUINE AGUS COMHIONANNAS

Ardoifigeach Feidhmiúcháin a Earcú  
Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Feabhra 2021

# INNEACHAR

Inneachar .....2

An Post3

Coinníollacha Seirbhíse.....5

Cén Chaoi le hIarratas a Dhéanamh ..... 11

Eolas Ginearálta ..... 14

Aguisín I..... 15

# AN POST

|                                            |                                                             |
|--------------------------------------------|-------------------------------------------------------------|
| <b>Teideal an phoist:</b>                  | Ardoifigeach Feidhmiúcháin                                  |
| <b>Tionacht:</b>                           | Buan                                                        |
| <b>An tÚdarás is Fostóir:</b>              | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas |
| <b>Suíomh:</b>                             | 16 – 22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7                |
| <b>Láithreán gréasáin na heagraíochta:</b> | <a href="http://www.ihrec.ie">www.ihrec.ie</a>              |

## CÚLRA

Is éard is Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (an “Coimisiún”) ann ná an institiúid náisiúnta atá freagrach as cearta an duine agus comhionannas. Bunaíodh é i Samhain 2014 faoi Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, agus an sainordú seo a leanas aige:

- Cearta an duine agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn,
- Forbairt cultúir a spreagadh ina léireofar meas ar chearta daonna, ar chomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha sa Stát,
- Tuiscint agus feachtas a chothú maidir leis an tábhacht a bhaineann le cearta daonna agus comhionannas sa Stát,
- An dea-chleachtas a spreagadh ó thaobh caidreamh idirchultúrtha de, caoinfhulaingt agus glacadh le hilchineálacht a chur chun cinn sa Stát, mar aon le meas ar shaoirse agus dhínit gach aon duine, agus
- Oibriú ar mhaithe le deireadh a chur le treascartí ar chearta an duine, idirdhealú agus iompar coiscthe.

Na cúig bhall déag den Choimisiún a cheapann an Ceann Stáit, an tUachtarán Mícheál D. Ó hUigín; is iadsan a chinneann obair an Choimisiúin ar bhonn neamhspleách. Is léiriú maith ar chineál na sochaí in Éirinn í ballraíocht éagsúil an Choimisiúin.

Tá foireann an Choimisiúin roinnte ina ceithre rannóg: Beartas agus Taighde, Rannpháirtíocht Straitéiseach, Díl agus Seirbhísí Corparáideacha. Státseirbhísigh ar fónamh sa Stát is ea foireann bhuan an Choimisiúin.

## ACHOIMRE AR AN RÓL

Beidh an Ardoifigeach Feidhmiúcháin atá de dhíth ar Fhoireann Dualgais na hEarnála Poiblí ag tuairisciú do Bhainisteoir Dualgais na hEarnála Poiblí (Príomhoifigeach Cúnta), agus tabharfaidh cúnamh d’obair an Choimisiúin le cur chun cinn agus tacaíocht do chur chun feidhme éifeachtach an Dualgais Comhionannais agus Cearta an Duine de chuid na hEarnála Poiblí ar fud na seirbhíse poiblí.

San áireamh sa ról seo, ach gan a bheith teoranta dóibh, tá na sainfhreagrachtaí seo a leanas:

- Clár agus tionscadail a fhorbairt agus a bhainistiú chun feachtas a spreagadh agus tacú le cur chun feidhme Dhualgas na hEarnála Poiblí ag comhlachtaí poiblí.
- Tacú le cur chuige straitéiseach maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme ar fud na hearnála sibhialta agus poiblí.
- Tacú le foilseacháin, uirlisí agus ábhair scríofa eile a léiriú chun tacú le cur chun feidhme Dhualgas na hEarnála Poiblí.
- Imeachtaí a eagrú le feachtas a spreagadh faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí agus chun a chur chun feidhme a chur chun cinn.
- Dul i dteagmháil agus idirghníomhú go héifeachtach le réimse leathan geallsealbhóirí, idir an earnáil phoiblí agus an tsochaí shibhialta.

- Cur le smaointeoireacht agus pleanáil straitéiseach maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí, ag gabháil d'obair bhuíne thrasfheidhmiúil.
- Tacú le forbairt beartas agus dea-chleachtais i ndáil leis an Dualgas, agus an méid sin a chur chun cinn;
- Bainistiú foirne, lena n-áirítear comhghleacaithe sóisearacha a spreagadh agus a fhorbairt ina gcuid oibre, agus tacaíocht a sholáthar dóibh;
- Éifeachtúlacht maidir le bainistiú buiséid, riarachán agus cleachtais coinneála taifead.
- Obair leis an bhFoireann Rannpháirtíochta Straitéisí níos leithne chun spriocanna agus cuspóirí comhaontaithe a sheachadadh.
- Aon dualgais eile a cheanglófar go réasúnta ó am go ham.

**Níor cheart go nglacfaí leis na cúraimí a leagtar amach sa tuairisc poist seo mar cuimsitheach ó thaobh raon feidhme de, agus d'fhéadfaí cur leo nó iad a athrú de réir mar is gá, i gcomhréir le ceanglais an Choimisiúin.**

## TAITHÍ AGUS TRÉITHE PEARSANTA A THEASTAÍONN

### Bunriachtanais

- Cur amach agus tuiscint láidir ar an gcomhionannas agus ar chearta an duine, go háirithe sna suíomhanna eagraíochtúla
- Scileanna cumarsáide, idirbheartaíochta agus bainistíochta caidrimh den scoth, le cumas chun dul i ngleic go hiomlán le réimse páirtithe leasmhara
- Eolas ar an earnáil shibhialta agus phoiblí in Éirinn
- Scileanna láidre cumarsáide agus idirphearsanta
- Scileanna láidre bainistíochta tionscadal
- Scileanna láidre taighde agus anailíseacha
- Scileanna bainistíochta imeachtaí den scoth
- Cumas le hobair bhuíne a chur i gcrích
- Cumas le hobair faoi bhrú chuig spriocdháta daingean
- Cumas le cur chuige straitéiseach a ghlacadh i seachadadh príomhchuspóirí beartais

**Anuas ar an méid thuas, mionsonraítear na Príomhinniúlachtaí d'fheidhmíocht éifeachtach ag an leibhéal sin in larscríbhinn a hAon.**

### Riachtanais Inmhianaithe

- Eolas agus tuiscint ar Dhualgas Comhionannais agus Cearta an Duine na hEarnála Poiblí agus / nó cleachtais phríomhshruthaithe comhionannais agus cearta an duine san earnáil phoiblí

# COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

## GINEARÁLTA

Is ceapachán i bpost buan sa Státseirbhís atá i gceist, agus tá sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go dtí 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, agus aon Achta eile atá i bhfeidhm faoi láthair a bhaineann leis an Státseirbhís.

## SOCRUITHE TUARASTAIL AGUS ÍOCAÍOCHTA

Beidh *Scála Tuarastail Chaighdeánaigh d'Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin - PPC* i bhfeidhm maidir leis an bpost seo:

### Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (PPC)

Seo a leanas an tuarastal don phost seo, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018:

€49,845, €51,303, €52,756, €54,210, €55,669, €57,123, €58,578, €60,679 (LSI1) €62,776 (LSI2)

Beidh feidhm ag an ráta seo freisin sa chás go mbeidh an té a cheapfar ina státseirbhíseach nó ina f(h)ostaí sa tSeirbhís Phoiblí cheana féin, agus é nó í ceaptha ar an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, agus go bhfuil de cheangal air nó uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh.

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm i gcás gur seirbhíseach sibhialta nó poiblí é nó í an té a cheapfar, a earcaíodh ar an 6 Aibreán 1995 nó roimhe sin, agus **nach bhfuil sé de cheangal air nó uirthi** Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3(LSI1) agus 6(LSI2) bliana de sheirbhís shásúil ag barr an scála.

**Nóta Tábhachtach:** Tiocfaidh an té a cheapfar isteach ag bun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht ina leith sin. Féadfar ráta an luacha saothair a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais. D'fhéadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla i gceist más rud é gur Státseirbhíseach nó Fostaí sa tSeirbhís Phoiblí thú atá ag fónamh faoi láthair. Má táthar sásta le feidhmíocht an fhostaí, féadfaidh sé go mbeidh incrimintí iníoctha de réir an Bheartais Rialtais reatha.

Aontóidh tú go ndéanfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó speansas a aisíoc de réir Imlitir 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas agus Speansas le Baill Foirne/Iar-Bhaill Foirne/Pinsinéirí.

## TRÉIMHSE OIFIGE AGUS PROMHADH

Is ceapachán chuig post buan i Státseirbhís an Stáit atá ann. Ceanglófar ar an gceapaí tréimhse phromhaidh a sheirbheáil. Mairfidh an tréimhse phromhaidh bliain amháin ón dáta a bheidh sonraithe ar an gconradh. In ainneoin an ailt thuas agus an ailt díreach ina dhiaidh seo, d'fhéadfadh fós go mbeadh síneadh ar an gconradh promhaidh sna cúinsí cuí.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, déanfaidh do mhaoirseoir(i) athbhreithniú ar d'fheidhmíocht lena chinntiú:

- (i) Gur fheidhmigh tú go sásúil,
- (ii) Gur léirigh tú iompraíocht shásúil, agus
- (iii) Go bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, le haird ar leith ar shaoire bhreitheachta.

Roimh chríochnú an chonartha promhaidh, déanfar cinneadh maidir le tú a choinneáil nó gan tú a choinneáil de bhun Alt 5A(2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956–2005. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar d'fheidhmíocht arna meas de réir na gcritéar atá leagtha amach in (i) go dtí (iii) thuas. Cuirfidh an Roinn/Oifig sonraí an phróisis promhaidh ar do shúile duit, agus gheobhaidh tú cóip de threoirínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh.

D'ainneoin na míreanna thuas sa chuid seo, d'fhéadfadh ceachtar den dá thaobh an fhostaíochta a fhoirceannadh ag am ar bith roimh dhul in éag na tréimhse promhaidh i gcomhréir leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go dtí 2005.

I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh go sínfí do chonradh agus go gcuirfí do thréimhse phromhaidh ar fionraí. Is gá go mbeadh an síneadh comhaontaithe ag an dá thaobh.

- Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair atá fostaí as láthair mar thoradh ar Shaoire Mháithreachas nó Uchtaíoch
- I ndáil le fostaí atá as láthair ar Shaoire Thuismitheoireachta nó Saoire Cúramóirí, d'fhéadfadh go n-éileodh an fostaí go gcuirfí an promhadh ar fionraí más amhlaidh nach meastar go bhfuil an asláithreacht ag teacht le leanúint den phromhadh
- D'fhéadfadh an promhadh a bheith curtha ar fionraí i gcásanna asláithreachta amhail tinneas neamh-athfhillteach

Sna cúinsí sin, d'fhéadfadh an fostaí iarratas a chur chuig an bhfostóir ar shíneadh ar thréimhse an chonartha.

Gach duine a cheapfar, déanfaidh sé nó sí tréimhse phromhaidh d'aon bhliain amháin. I gcás ceapaí nach sásaíonn coinníollacha an phromhaidh, má bhí sé nó sí ina státseirbhíseach gníomhach díreach roimh a gceapadh mar thoradh ar an gcomórtas seo, beidh filleadh i gceist de ghnáth. I gcás fillte, fillfidh oifigeach ar fholúntas sa ghrád a bhíodh aige nó aici ina (h)iar-Roinn.

## FOSTAÍOCHT SHEACHTRACH

Post lánaimseartha a bheidh sa phost agus ní cheadófar don cheapaí cleachtadh go príobháideach ná aon nasc a bheith aige ná aici le haon ghnóthas seachtrach a rachadh salach ar a c(h)uid dualgas oifigiúil, a chuirfeadh as dá f(h)eidhmíocht ná a chuirfeadh a m(h)acántacht i mbaol.

## CEANNÁRAS

Tá Ceanncheathrú Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas lonnaithe ag 16-22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7.

## SUÍOMH

Is i mBaile Átha Cliath a bheidh an post. Le linn don cheapaí a bheith as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dhualgas oifigiúil is amhlaidh a íocfar speansais taistil agus liúntais chothabhála iomchuí leis an gceapaí, faoi réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse.

## UAIREANTA FREASTAIL

Beidh na huairéanta freastail socraithe ó am go ham, ach ní bheidh níos lú ná 43 uair agus 15 nóiméad san iomlán in aghaidh na seachtaine i gceist leo. Ceanglófar ar an té a cheapfar uaireanta breise oibre, a d'fhéadfadh a bheith réasúnach agus riachtanach d'fheidhmiú ceart a c(h)uid dualgas, a dhéanamh ó am go ham faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin maidir le ham oibre.

## SAOIRE BHLIANTÚIL

29 lá in aghaidh na bliana a bheidh sa liúntas saoire bliantúla, a mhéadóidh go 30 lá tar éis 5 bliana. Beidh an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le ceadú saoire bliantúla sa státseirbhís, agus é bunaithe ar sheachtain cúig lá gan gnáthshaoire phoiblí a áireamh.

## SAOIRE BHREOITEACHTA

I rith asláithreachta bhreoiteachta atá teistithe go cuí, íocfar an ceapaí ar bhonn pro rata de réir fhorálacha na n-imlitreacha a bhaineann le saoire bhreoiteachta, ar chuntar nach mbeadh aon fhianaise de mhíchumas buan ann. Iarrfar ar oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ag ráta Aicme A a lámh a chur le sainordú a thabharfadh údarás don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Le híocaíochtaí a fháil le linn

breoiteachta, beidh ar an oifigeach na héilimh riachtanacha ar árachas sóisialta a chur isteach chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh den teorainn ama atá sonraithe.

## SICRÉIDEACHT, RÚNDACHT AGUS CAIGHDEÁIN IOMPAIR: SICRÉIDEACHT AGUS IONRACAS OIFIGIÚIL

Le linn théarma an chonartha promhaidh, beidh an sealbhóir poist faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014. Aontóidh an sealbhóir poist nach nochtfaidh sé nó sí do thríú páirtithe aon eolas rúnda le linn na tréimhse fostaíochta ná ina diaidh.

### Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse:

Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí:

Bainfidh an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí leis an bhfostaíocht seo nuair is iomchuí.

### Réamhcheadú foilseachán:

Aontóidh oifigeach gan ábhar a fhoilsiú i ndáil lena d(h)ualgais oifigiúla gan cead roimh ré a fháil ó Cheann na Roinne/hEagraíochta nó ó oifigeach údaráithe iomchuí eile.

### Gníomhaíocht Pholaitiúil:

Le linn an téarma fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha a bhaineann le seirbhísigh phoiblí agus an pholaitíocht.

## AOISLIÚNTAS AGUS SCOR

Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais iomchuí don cheapaí faoi mar a bheidh i réim sa tSeirbhís Phoiblí tráth a dtairgfear an ceapacháin dó/di. Go ginearálta, i gcás ceapaí nár oibrigh cheana sa tSeirbhís Phoiblí, tairgfear an ceapachán dó nó di ar bhonn ballraíocht i Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair"). Is féidir sonraí iomlána na Scéime a fháil ag <https://www.singlepensionscheme.gov.ie/>

Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

### Aois Inphinsin

Is é 66 bliana an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha faoi láthair, leasófar é seo i gcomhréir le hathruithe aoise incháilithe don Phinsean Stáit Ranníocach. Srian amháin le méid an phinsin den chuid is mó de na baill is ea nach mór dóibh dul ar scor ar bhaint amach 70 bliain dóibh. Baintear leas as an meántuilleamh gairmréime chun sochair a ríomh (fabhraítear méid pinsin agus méid cnapshuime gach bliain agus déantar iad a uasráit gach bliain trí thagairt don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí). Nasctar na méaduithe pinsin a tharlaíonn tar éis scoir leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí.

### Laghú Pinsin

Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean á fháil aige nó aici ó cheachtar den dá sheirbhís sin, nó má chuirtear tús le hócáíocht pinsin Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí le linn a (h)athfostaíochta, beidh an pinsean sin faoi réir laghdaithe i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Sa chás go raibh an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo, agus pinsean bronnta air/uirthi mar chuid de shocruithe luathscoir dheonaigh (ach amháin an Scéim Dreasaí Luathscoir (ISER), Ciorclán 7/2010 VER/VRS ón Roinn Sláinte, nó Imlitir LG (P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a mbeadh daoine incháilithe don chomórtas mar gheall air, mar a luadh thuas), cuirfear deireadh leis an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís an duine

cheaptha roimhe seo a mheas chun críche aon aoisliúntais a bhféadfadh go mbeadh an duine ceaptha incháilithe lena aghaidh amach anseo.

## Cóireáil Pinsin ar Sheirbhísigh Phoiblí atá ann cheana

Cé go mbaineann na gnáth-thearmaí pinsin atá leagtha amach thuas le ballraíocht sa Scéim Aonair, d'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhm ag an scéim sin i gcás daoine ceaptha áirithe. Tá na sonraí uile maidir leis na coinníollacha a bhfuil feidhm acu i dtaobh cibé acu an bhfuil fostaí sa tseirbhís phoiblí ina bhall den Scéim Aonair nó nach bhfuil le fáil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is é an príomhchás eisceachta (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta), áfach, i gcás iarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcáil inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí nach faoin scéim aonair iad) le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán, nach n-éireodh sé/sí de bheith ina b(h)all den Scéim Aonair go hiondúil. Sa chás sin, thairgfí don iarrthóir den sórt sin ina ionad sin, de réir mar is infheidhme, ballraíocht de Scéim Aoisliúntais Foirne an Choimisiúin agus den Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí a ghabhann léi. Chiallóidh sin go mbeadh feidhm ag na forálacha laghdaithe thuas, agus go mbeadh impleachtaí ann i leith fabhrú pinsin chomh maith, mar atá leagtha amach thíos:

## Incháilitheacht chun Dul san Iomaíocht agus Sriantha Áirithe ar Incháilitheacht

### Riachtanais Saoránachta

Is gá d'iarrthóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- A bheith ina saoránach den Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Is iad na tíortha atá sa Limistéir Eorpach Eacnamaíoch ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- Duine nach saoránach den Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch é nó í ach ar céile nó leanbh saoránaigh an LEE nó na hEilvéise é nó í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- Duine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta air nó uirthi faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát de thoradh athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici nó
- Duine nach saoránach den Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch é nó í ach ar thuismitheoir nó leanbh cleithiúnach saoránaigh de chuid bhallstát LEE nó na hEilvéise é nó í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici

Le bheith incháilithe ní mór d'iarrthóirí ceann amháin de na critéir shaoránachta thuas a shásamh roimh dháta tairisceana na hoibre.

## An Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER)

Is coinníoll é den Scéim Dreasachtaí Luathscoir, mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc ar dhaoine a théann ar scor faoin scéim sin cur isteach ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir le pinsinéirí den sórt sin iarratas a dhéanamh fad a leanfaidh na sriantha thuas i bhfeidhm.

## Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010)

De bhun Chiorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010, tugadh isteach an Scéim Spriocdhírthe um Luathscor Deonach (VER) agus an Scéim Iomarcaíochta Deonáí (VRS). Is coinníoll é den Scéim Spriocdhírthe um Luathscor Deonach nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe chun athfhostaíochta san earnáil phoiblí Sláinte, ná san earnáil phoiblí i gcoitinne, ná in aon chomhlacht atá maoinithe i bpáirt nó ina iomláine ag an Státchiste. Tá an cosc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoi na Scéimeanna Iomarcaíochta Deonáí, ach amháin go bhfuil an cosc sin i bhfeidhm ar feadh thréimhse 7 mbliana.

Daoine a bhain leas as an Scéim Spriocdhírthe um Luathscor Deonach, níl siad incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo. Daoine a bhain leas as na Scéimeanna Iomarcaíochta Deonáí agus a bhféadfadh go n-éireodh leo sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go bhfuil siad incháilithe (is é sin, go bhfuil an tréimhse neamh-incháilitheachta thart).



## Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

De bhun litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifig Phearsanra, tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a comhaontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta ex gratia le fostaithe sa tseirbhís poiblí. Coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é, maidir le daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú, nach mbeidh siad incháilithe le haghaidh athfhostaíochta sa tseirbhís poiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (arna shainiú ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009–2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chríoch na fostaíochta. Daoine a bhain leas as an scéim sin agus a bhféadfadh go n-éireodh leo sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go bhfuil siad incháilithe (is é sin, go bhfuil an tréimhse neamh-incháilitheachta thart).

## Imlitir 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis an Scéim Luathscóir do Mhúinteoirí

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscóir do Mhúinteoirí. Is coinníoll é den Scéim Luathscóir, cé is moite de na cásanna atá leagtha amach in Alt 10.2 agus 10.3 de na doiciméid chiorcláin bhainteacha, agus na cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscóir faoi Shnáithe 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má thosaíonn sé nó sí i bhfostaíocht d'aon chineál agus in aon earnáil den tseirbhís poiblí dá éis sin, go gcuirfear stop láithreach le híocaíochtaí pinsin leis an duine sin faoin scéim. Atosófar den phinsean a íoc, más ea, ar chríoch na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhrí an duine sin mar mhúinteoir (is é sin, ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe seo san áireamh agus an íocaíocht pinsin á ríomh).

## Scor de dheasca Drochshláinte

Tabhair do d'aire, i gcás aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo ar bhonn drochshláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais, gur gá dó ná di a dhearbhu don eagraíocht atá ag riar an chomórtais earcaíochta, le linn chéim an iarratais, go bhfuil pinsean den chineál sin á fháil aige ná aici.

Beith ar iarrthóirí freastal ar Oifig an Phríomhoifigigh Sláinte ionas gur féidir meastóireacht a dhéanamh ar a gcumas chun seirbhís rialta éifeachtach a sholáthar, i bhfianaise an reachta a bhfuair siad Scor de dheasca Drochshláinte mar thoradh air.

### Ceapachán tar éis scor ón Státseirbhís de dheasca drochshláinte

Má éiríonn lena (h)iarratas sa chomórtas, is gá don iarratasóir na rudaí seo a leanas a thabhairt faoi deara:

1. Má mheastar go bhfuil ar a c(h)umas seirbhís rialta éifeachtach a sholáthar, cuirfear deireadh lena p(h)insean státseirbhíse de dheasca drochshláinte.
2. Má theipeann ar an iarrthóir ina dhiaidh sin an tréimhse phromhaidh a thabhairt chun críche nó má chinneann sé nó sí a p(h)ost sonraithe a fhágáil, ní féidir an stádas státseirbhíse maidir le Scor de dheasca Drochshláinte a fhreaschur, nó ní féidir an pinsean státseirbhíse Scoir de dheasca Drochshláinte a thabhairt ar ais, a bhí ann roimh an iarratas, agus níl aon teidlíocht ann i dtaca leis an gcéanna.
3. Tabharfar ballraíocht na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair don iarrthóir nuair a cheaptar é nó í más amhlaidh a bhí briseadh níos mó ná 26 seachtaine aige nó aici i seirbhís poiblí/státseirbhís inphinsin.

### Ceapachán tar éis scor ón tseirbhís poiblí de dheasca drochshláinte

1. Tabhair faoi deara, sa chás go ndeachaigh duine ar scor ó chomhlacht Seirbhíse Poiblí de dheasca drochshláinte, go bhféadfadh go ndéanfaí athbhreithniú ar a p(h)insean ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca drochshláinte i scéim pinsin na fostaíochta sin.
2. An té a n-éiríonn leis nó léi, beidh air nó uirthi a dhearbhu tráth an cheapacháin cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé nó sí ag fáil pinsean seirbhíse poiblí (de dheasca drochshláinte nó eile), agus d'fhéadfadh go mbeadh a p(h)insean seirbhíse poiblí faoi réir laghdaithe.
3. Tabharfar ballraíocht na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair don iarrthóir nuair a cheaptar é nó í más amhlaidh a bhí briseadh níos mó ná 26 seachtaine aige nó aici i seirbhís poiblí/státseirbhís inphinsin.

Tabhair faoi deara go bhfuil eolas níos mionsonraithe ar fáil ach é a iarraidh ar PAS, nó [tríd an nasc seo](#) nó i ndáil leis na himpleachtaí pinsin dóibh siúd a bhfuil pinsean státseirbhíse nó seirbhíse poiblí de dheasca drochshláinte á fháil acu.

## Fabhrú Pinsin

De réir Acht 2012, tá teorainn 40 bliain i bhfeidhm maidir leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i bpinsean, i gcás go raibh an ceapaí ina b(h)all de bhreis is aon scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin (is é sin, scéim nach Scéim Aonair í) a bhí ann cheana. Tá foráil déanta don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith i gceist leis sin do dhuine ar bith a cheapfar a bhfuil cearta pinsin faighte aige nó aici ó fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo.

## Ranníocaíocht Aoisliúntais Breise

Tiocfaidh an ceapachán seo faoi réir asbhaint na Ranníocaíochta Aoisliúntais Bhreise (ASC) i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017.

## An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (6/2013)

De bhun Imlitir LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, tugadh isteach Scéim Iomarcaíochta Deonaí d' Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, coinníoll sonracha de chuid na Scéime Spriocdhírthe um Luathscor Deonach is ea nach mbeidh daoine incháilithe le haghaidh athfhostaíochta in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [arna shainiú ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009–2011 agus ag an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] ar feadh thréimhse 2 bhliain óna ndáta imeachta faoin Scéim sin. Tá feidhm ag na coinníollacha sin chomh maith i gcás fostú/fostaíochta ar bhonn conradh i gcomhair seirbhíse (bíodh sin mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

## Dearbhú

Éileofar ar iarrthóirí a dhearbhu ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasachtaí luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann thuasluaite. Éileofar ar iarrthóirí chomh maith aon teidlíocht chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (á íoc nó coinnithe) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí a dhearbhu agus/nó cá háit a bhfuair siad íocaíocht in ionad i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

## Tabhair do d'aire:

Mar Fhostóir a Thugann Rogha, tá go leor beartais sholúbtha agus beartais a thacaíonn leis an teaghlach ag an Státseirbhís, lena n-áirítear roinnt deiseanna le hobair a dhéanamh ón mbaile. Tabhair faoi deara, cé go bhféadfaidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo deiseanna oibre solúbtha a iarraidh, gur faoi lánrogha an fhostóra a bheidh sé agus go déanfar an cinneadh de réir riachtanais ghnó na heagraíochta ar bhonn cás ar chás.

## COINNÍOLLACHA EILE FOSTAÍOCHTA

Léirítear sa mhéid thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse, agus níl sé ceaptha a bheith mar liosta uileghabhálach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile. Leagfar amach na téarmaí agus coinníollacha sin sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an gceapaí.

# CÉN CHAOI LE HIARRATAS A DHÉANAMH

Ba chóir do gach iarrthóir cuairt a thabhairt ar [www.ihrec.ie/about/opportunities](http://www.ihrec.ie/about/opportunities) ina bhfaightear liosta iomlán de na poist infhaighte ag an gCoimisiún maille leis an leabhrán eolais comhfhreagrach in-íoslódáilte le haghaidh gach post.

Ba cheart iarratais a chur isteach ar líne agus caithfear a áireamh leo:

- Litir chumhdaigh ina míníonn tú cén fáth ar chóir d'iarratas a chur san áireamh don phost seo agus cén chaoi a gcomhlíonann do chuid scileanna agus taithí na riachtanais don phost

Ní ghlacfar isteach san fheachtas ach amháin le hiarratais a chuirtear isteach go hiomlán ar líne

Le cur isteach ar an ról seo téigh chuig [www.mazars.ie/Consulting/HRServices](http://www.mazars.ie/Consulting/HRServices) agus cuardaigh an Tag. IHR0121.

## An Dáta Deiridh a nGlacfar le hiarratais

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais:** 5 i.n., Dé hAoine, an 12 Márta 2021.

Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta/spriocama.

Eiseofar ríomhphost admhála le haghaidh gach iarratais a sheoltar isteach. Mura bhfuil admháil faighte agat ar d'iarratas laistigh de dhá lá ó sheol tú é, bí i dteagmháil le Foireann Earcaíochta Feidhmeannach Mazars i ríomhphost chuig ([execrecruit@mazars.ie](mailto:execrecruit@mazars.ie)) lena chinntiú go bhfuarthas d'iarratas.

## Agallaimh

Is dócha go reáchtálfar agallaimh le linn na seachtaine deiridh de mhí an Mhárta 2021. Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta / na dátaí a shonróidh an Coimisiún, agus ba cheart dóibh a chinntiú gur ceart iad na sonraí teagmhála a shonraítear ar a bhfoirm iarratais.

## Socruithe Réasúnta

Ba cheart d'iarrthóir ar bith a dteastaíonn socruithe réasúnta uaidh/uaithí ag céim ar bith den chomórtas roghnúcháin a riachtanais a chur in iúl lena (h)iarratas. Fiosrú ar bith maidir le haon mhíchumas nó saincheist eile ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí shocruithe réasúnta den sórt sin; is féidir iad sheoladh chuig [execrecruit@mazars.ie](mailto:execrecruit@mazars.ie) nó glaoch ar +353 (1) 4494400.

## An Próiseas Roghnúcháin

Féadfar an méid seo a leanas a áireamh leis an bPróiseas Roghnúcháin:

- Gearrliostú iarrthóirí ar bhunú an eolais a fhaightear ina (h)iarratais
- Agallamh tosaigh / réamhagallamh
- Cur i láthair nó cleachtaí eile
- Agallamh iomaíoch deiridh
- Tástálacha nó cleachtaí ar bith eile a mheasfaí a bheith oiriúnach.

## Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, beidh iarratais go huile is go hiomlán faoi rún.

## Imreiteach Slándála

Lorgófar grinnfhiosrúchán garda i leith daoine aonair a bheidh á mbreithniú le haghaidh ceapacháin. Beidh ar an iarratasóir foirm ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur isteach sa chás go mbeidh sé nó sí faoi bhreithniú le haghaidh a c(h)eaptha. Cuirfear an fhoirm seo ar aghaidh chuig an nGarda Síochána, a dhéanfaidh seiceálacha slándála ar na seoltaí uile in Éirinn (Tuaisceart Éireann san áireamh) ag a raibh cónaí ar an té.

## Eolas Tábhachtach Eile

Ní bheidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas freagrach as aon chostais a thabhoídís iarrthóirí agus ní aisíocfaidís iad.

Ná tuigtear ó ghlacadh duine isteach i gcomórtas, ná ó chuireadh chun freastal ar agallamh, ná ó fhógra faoi thoradh rathúil, go bhfuil an Coimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas sásta go gcomhlíonann duine mar sin na ceanglais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir an dlí ó bheith i seilbh an phoist, agus ní thugtar ráthaíocht leis go bhfaighidh d'arratas tuilleamh breithniúcháin. Tá sé tábhachtach, mar sin, go dtabharfá faoi deara go bhfuil sé de dhualgas ort a áirithiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalaíonn tú ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na buncheanglais iontrála sin, ach go bhfreastalaíonn tú dá ainneoin sin ar agallamh - is amhlaidh a bheidh tú ag cur costais gan ghá ort féin.

Sula dtugann an Coimisiún moladh faoi iarrthóir ar bith dá c(h)eapadh chun an phoist seo, déanfaidh an Coimisiún gach fiosrú is gá a mheastar a bheith riachtanach le hoiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go gcuirfear gach céim den phróiseas earcaíochta chun críche ina hiomláine, ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh, ná ní féidir a mheas ná a bhaint de thátaí as aon ní go ndearnadh a leithéid de chinneadh.

Má dhiúltaíonn an duine a mholtar le haghaidh ceapacháin, nó má thugann sé/sí suas é tar éis dó / di glacadh leis, nó má thagann folúntas breise aníos is amhlaidh a fhéadfaidh an Coimisiún, dá lánrogha, duine éigin eile a roghnú agus mholadh don cheapachán maidir leis na torthaí ón bpróiseas roghnúcháin.

### **Cearta iarrthóirí - Nósanna Imeachta Athbhreithnithe i ndáil leis an bPróiseas Roghnúcháin**

Breithneoidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas iarratais ar athbhreithniú i gcomhréir le forálacha na gcód cleachtais arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí <http://www.cpsa.ie/>

### **Dualgais an Iarrthóra**

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go ndícháileofar iad agus go n-eisiafar den phróiseas iad má dhéantar stocaireacht ar bith ar a son.

Ní cóir d'iarrthóirí aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- faisnéis bhréige a thabhairt ar láimh go feasach ná go meargánta
- Stocaireacht a dhéanamh ar aon duine cibé acu le mealltaí nó gan iad
- cur isteach ar an bpróiseas nó teacht salach air ar aon bhealach

Ní cóir do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas.

Ciontach i gcion a bheidh aon duine a sháraíonn na forálacha thuasluaite nó a thugann cúnamh do dhuine eile na forálacha thuasluaite a shárú. Dlífeair fíneáil/nó príosúnacht a chur mar phionós ar aon duine a bhfaightear ciontach i gcion é.

Chomh maith leis an méid sin, nuair a fhaightear duine ciontach i gcion, i gcás go bhfuil ná go raibh an té sin ina (h)iarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- sa chás nach bhfuil sé/sí ceaptha i bpost go fóill, dícháileofar mar iarrthóir é/í; agus
- sa chás go bhfuil sé/sí ceaptha i bpost tar éis an phróisis earcaíochta i dtrácht, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

### **Sainchríteir Iarrthóra**

Is gá d'iarrthóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- An t-eolas agus an cumas cuí a bheith acu le dualgais an phoist ábhartha a chur i bhfeidhm
- A bheith oiriúnach don phost ar bhonn a gcarachtar
- A bheith oiriúnach ar gach bealach ábhartha eile lena gceapadh sa phost bainteach; agus má éiríonn leo, ní cheapfar sa phost iad mura ndéanann siad mar seo a leanas:
- Toiliú le cur i bhfeidhm na ndualgas a bhaineann leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina gcuirtear na dualgais i bhfeidhm nó faoina bhféadfadh go gcuirfí i bhfeidhm iad
- A bheith inniúil agus ar fáil go hiomlán chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chur i bhfeidhm, agus a bheith ábalta amhlaidh a dhéanamh.

### **Bunú an Phainéil**

D'fhéadfaí painéal iarrthóirí rathúla a bhunú mar thoradh ar na hagallaimh. Aon iarrthóirí a bhaineann áit amach ar an bpainéal agus a chomhlíonann coinníollacha an phróisis roghnúcháin, d'fhéadfadh go gcuirfí san áireamh iad le linn shaolré an phainéil, le haghaidh folúntais faofa sa todhchaí. An té a bhaineann an chéad áit amach ar an

bpainéal, is é nó í an chéad iarrthóir a dtairgfear post dó ná di, faoi réir ceadanna sásúla, agus mar sin de in ord tuilteanais. Fanfaidh an painéal i bhfeidhm go dtí 31 Márta 2023.

### **Iarrthóireacht a mheastar a bheith tarraingthe siar**

Níl bheidh aon éileamh breise ar bhreithniú ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh ná ar thástáil eile de réir mar a iarrann an Coimisiún orthu; ná nach gcuireann an fhianaise a éilíonn an Coimisiún ar fáil nuair a iarrtar amhlaidh, maidir le ní ar bith ábhartha lena (h)iarrthóireacht.

### **Cosaint Sonraí**

Nuair a fhaightear d'iarratas, cruthaíonn Mazars taifead pearsanta thar ceann an Choimisiúin, i d'ainm féin, ina bhfaightear go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil chomh maith le faisnéis bhreise a d'fhéadfaí a bhailiú le linn an phróisis roghnúcháin e.g. deimhniú ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, tástálacha agus cleachtaí, de réir mar is infheidhme. Ní úsáidfead an taifead pearsanta sin ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Teastaíonn an phróiseáil sinn d'fhonn céimeanna a ghlacadh ar d'iarratas sula ndéanann tú Conradh fostaíochta. Comhroinnfead an taifead pearsanta le Mazars agus leis an bpainéal agallaimh. Coinneoidh an Coimisiún an taifead go ceann 3 bliana ó dheireadh an chomórtais agus coinneoidh Mazars go ceann 18 mí é. Féadfar nótaí an bhoird agallaimh a choinneáil go ceann 30 bliain, agus aistrefar iad chuig an gCartlann Náisiúnta ina dhiaidh sin. Ní aistrefoidh an Coimisiún ná Mazars do chuid sonraí pearsanta lasmuigh den LEE. Más mian leat aon cheann de do chearta cosanta sonraí atá cumhdaithe faoin RGCS agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 2003 – 2018 a fheidhmiú nó má tá aon cheist agat faoi chosaint sonraí, déan teagmháil lenár n-oifigeach cosanta sonraí ag [dpo@ihrec.ie](mailto:dpo@ihrec.ie).

*Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus cuirimid fáilte roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla agus ó ghrúpaí a ndéantar tearc-ionadaíocht orthu, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus daoine faoi mhíchumas*

# EOLAS GINEARÁLTA

## INCHÁILITHEACHT CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh incháilitheacht ar iomaíocht ar oscailt do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch

(LEE). Is iad na tíortha atá sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Féadfaidh saoránaigh na hEilvéise faoi chomhaontuithe AE iarratas a dhéanamh freisin. **Le bheith incháilithe, is gá d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh de chuid an LEE amhail dáta tairisceana poist ar bith.**

## SEICEÁIL TEISTIMÉIREACHTAÍ

Tabhair faoi deara go mbeidh aon tairiscint fostaíochta a dhéantar i gcás iarrthóirí rathúil faoi réir teistiméireachtaí agus cáilíochtaí acadúla agus gairmiúla a bheith dearbhaithe go sásúil.

## IMRÉITIGH SHLÁNDÁLA

Tabhair do d'aire go dteastaíonn Imréiteach Garda don phost seo. Más amhlaidh a bhí tú i do chónaí ná ag staidéar i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh thréimhse 6 mhí nó níos mó, is gá duit Teastas Imréitigh Póilíneachta ar leith a sholáthar ó gach tír, ina ndearbhaítear nár ciontaíodh tú in aon choir agus tú i do chónaí sa tír sin.

Is fútsa atá sé imréitigh shlándála a fháil go tráthúil. Ní féidir iarrthóirí rathúil a cheapadh sa phost gan an t-eolas sin a bheith curtha ar fáil, agus é in ord. Is féidir leat cabhair a fháil maidir leis sin ar na láithreáin ghréasáin seo a leanas:

- [www.disclosurescotland.co.uk](http://www.disclosurescotland.co.uk)
- [www.migrationint.com.au/office.asp](http://www.migrationint.com.au/office.asp) (tíortha seachas an Ríocht Aontaithe/Tuaisceart Éireann)
- [www.afp.gov.au](http://www.afp.gov.au) (an Astráil)
- [www.courts.govt.nz](http://www.courts.govt.nz) (an Nua-Shéalainn)

I gcás tíortha eile nach bhfuil liostaithe thuas, b'fhéidir go mbeadh sé cabhrach duit dul i dteagmháil leis na hambasáidí ábhartha, a bheadh in ann eolas a sholáthar duit faoi Imréiteach Póilíneachta a lorg.

## RÚNDACHT

Léireofar meas ar rúndacht na n-iarrthóirí ag gach céim den phróiseas earcaíochta. Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire áfach go gcuirfear gach ábhar iarratais ar fáil dóibhsean sa Choimisiún atá freagrach go díreach as an bpróiseas earcaíochta.

Tabhair faoi deara go bhféadfaí leas a bhaint as faisnéis a sholáthraíonn tú mar chuid de d'iarratas mar chuid dár méadrachtaí éagsúlachta, comhionannais agus uilechuimsitheachta i ndáil leis an bhfeachtas seo.

## COMHLÍONADH AN DLÍ

Tá Mazars agus an Coimisiún tiomanta don reachtaíocht ábhartha ar fad a chomhlíonadh i gcaitheamh an fheachtais earcaíochta seo, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015, an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014.

## COMHLÍONADH RGCS

Bailíonn, próiseálann agus stóráilann Mazars sonraí pearsanta, arna gcur ar fáil ag iarratasóirí nuair a chuireann siad isteach ar an ról atá ar fáil. Déantar na sonraí a sholáthraíonn iarratasóirí a bhailiú, a thaifeadadh, a stóráil, a choinneáil agus a scríosadh i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018.

## COSTAIS

Ní bheidh Mazars agus/nó an Coimisiún freagrach as aon chostas, lena n-áirítear costais taistil, a thabhoídh iarrthóirí i ndáil lena n-iarrthóireacht.

## STOCAIREACHT

Dícháileofar ón gcomórtas duine ar bith a dhéanfaidh stocaireacht.

# AGUISÍN I

## PRÍOMH-INNIÚLACHTAÍ DON FHEIDHMÍOCHT ÉIFEACHTACH

| ARDOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Ceannasaíocht Foirne</b>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>Oibreoidh sé nó sí as lámha a chéile leis an bhfoireann le hardfheidhmíocht a éascú ach spriocanna soiléire, réalaíocha a leagan amach agus dul i ngleic le fadhbanna feidhmíochta má éiríonn a leithéid aníos</li> <li>Cuirfidh sé nó sí eolas agus comhairle shoiléir ar fáil maidir lena bhfuil sé nó sí ag súil leis ón bhfoireann</li> <li>Déanfaidh sé nó sí a s(h)eacht ndícheall bealaí nua oibre a chur i bhfeidhm le cuspóirí a bhaint amach go héifeachtach</li> <li>Tabharfaidh sé nó sí ceannaireacht agus dea-shampla uaidh nó uaithi ach cóitseáil agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair de réir mar is gá</li> <li>Leagfaidh sé nó sí an-bhéim ar an tábhacht a bhaineann le forbairt agus oiliúint foirne agus le scileanna agus acmhainn na foirne a uasmhéadú.</li> <li>Beidh sé nó sí solúbtha, sásta dul in oiriúint do chásanna nua, agus glacfaidh páirt dhearfach in athruithe a chur i bhfeidhm</li> </ul>                                                                                                                                                                                                                                |
| <b>Meastóireacht, Anailísiú agus Cinnteoireacht</b>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>Baileoidh sé nó sí eolas ó fhoinsí ábhartha, amhail foinsí airgeadais, foinsí uimhriúla nó foinsí eile, déanfaidh anailís uirthi agus measfaidh raon fachtóirí criticiúla</li> <li>Cuirfidh sé nó sí saincheistanna leathana, cláir oibre, íogaireachtaí agus na himpleachtaí a bhaineann leo san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige nó aici</li> <li>Cuirfidh an t-eolas agus an taithí atá ann cheana bonn eolais faoi na cinntí a dhéanfaidh sé nó sí</li> <li>Déanfaidh sé nó sí cinntí maithe a mbeidh bunús stuama, ciallmhar taobh thiar díobh agus seasfaidh le cinntí den sórt sin</li> <li>Cuirfidh sé nó sí réitigh chun cinn le dul i ngleic le fadhbanna</li> </ul>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
| <b>Bainistíocht &amp; Torthaí a Bhaint Amach</b>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>Glacfaidh sé nó sí le freagracht as cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach</li> <li>Éireoidh leis nó léi raon tionscadal agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla a bhainistiú ag an am céanna</li> <li>Déanfaidh sé nó sí a c(h)uid oibre féin agus obair daoine eile a struchtúrú agus a eagrú go héifeachtach</li> <li>Glacfaidh sé nó sí le cur chuige loighciúil, pragmatach i leith na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach leis na hacmhainní atá ar fáil</li> <li>Dáilfidh sé nó sí obair ar dhaoine eile go héifeachtach agus cuirfidh eolas agus fianaise shoiléir ar fáil faoina bhfuil le déanamh</li> <li>Déanfaidh sé nó sí sainathint réamhghníomhach ar rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú agus molfaidh bealaí praiticiúla le déanamh amhlaidh</li> <li>Glacfaidh sé nó sí go fonnmhar le forbairtí/cleachtais oibre nua agus déanfaidh a s(h)eacht ndícheall iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach</li> <li>Cuirfidh sé nó sí córais/próisis chuí i bhfeidhm le cáilíocht gach gnímh agus aschuir a sheiceáil</li> <li>Leagfaidh sé nó sí béim láidir ar sheirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon</li> </ul> |
| <b>Scileanna Idirphearsanta &amp; Cumarsáide</b>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 |

- Cothóidh agus coinneoidh sé nó sí caidreamh le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile le cabhrú leis nó léi a ról a chomhlíonadh
- Feidhmeoidh sé nó sí mar nasc éifeachtach idir an fhoireann agus an lucht ardbhainistíochta
- Spreagfaidh sé nó sí plé oscailte, dearfach ar shaincheistean a bhaineann leis an obair
- Beidh sé de mhisneach aige nó aici beart a dhéanamh de réir a c(h)uid tuairimí, éireoidh leis nó léi tacaíocht a fháil trí achoimre a dhéanamh ar eolas ábhartha agus na buntáistí a chur ina luí ar chách
- Caithfidh sé nó sí le daoine eile go stuama tuisceanach agus léireoidh cúirtéis agus meas dóibh fiú i gcásanna deacra
- Cuirfidh sé nó sí eolas in iúl ar bhealach soiléir, beacht agus muiníneach, cibé ó bhéal nó i scríbhinn
- Oibreoidh sé nó sí as lámha a chéile le comhghleacaithe agus tacóidh leo spriocanna na heagraíochta a bhaint amach

#### **Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt**

- Beidh tuiscint shoiléir aige nó aici ar ról, cuspóirí agus spriocanna an duine aonair agus na foirne ar fad agus ar an gcaoi a mbaineann siadsan le saothar an aonaid agus na Rannóige/na hEagraíochta. Déanfaidh sé nó sí cumarsáid éifeachtach le daoine eile, leis
- Beidh ard-saineolas aige nó aici ar a réimse oibre féin, chomh maith le cur amach leathan ar an Earnáil Phoiblí
- Beidh sé nó sí dírithe ar fhéinfhorbairt agus déanfaidh gach uile iarracht a f(h)eidhmíocht a fheabhsú

#### **Dúthracht & Tiomantas do Threoirphrionsabail na Seirbhíse Poiblí**

- Féachann le hardleibhéal feidhmíochta a ghnóthú, le hinfheistíocht fuinnimh mhóir chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
- Léiríonn athléimneacht os comhair imthosca dúshlánacha agus éileamh mór
- Féadfar brath air nó uirthi go pearsanta
- Cinnteoidh sé nó sí go dtugtar tús áite don chustaiméir i ngach uile sheirbhís a chuirtear ar fáil
- Beidh ardchaighdeán ionracais, eitice agus macántachta aige nó aici